Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10679 — TELEFONICA / PONTEGADEA / TELXIUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 142/07)

1. An 22 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Telefónica, S.A. ("Telefónica", An Spáinn),

— Pontegadea Inversiones, S.L. ("Pontegadea", An Spáinn),

— Telxius Telecom, S.A. ("Telxius", An Spáinn), faoi chomhrialú i láthair na huaire ag Telefonica agus Taurus Bidco S.à.r.l..

Gheobhaidh Telefónica agus Pontegadea comhrialú ar Telxius de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Telefónica: cuideachta teileachumarsáide domhanda a oibríonn líonraí teileachumarsáide seasta agus móibíleacha. cuireann Telefónica seirbhísí móibíleacha, líne talún, idirlín agus teilifíse ar fáil faoi roinnt brandaí, lena n-áirítear Movistar, O2 agus Vivo;

— i gcás Pontegadea: gníomhach go príomha in earnáil na dteicstílí agus in infheistíochtaí réadmhaoine

— i gcás Telxius: oibríonn sé líonra idirnáisiúnta cáblaí snáthoptaice fomhuirí ardacmhainne, soláthraíonn sé nascacht dhíreach leis an idirlíon agus cuireann sé raon seirbhísí acmhainneachta ar a líonra, naisc ó phointe go pointe a bhfuil leathanbhanda tiomnaithe acu, cuir i gcás.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10679 — TELEFONICA / PONTEGADEA / TELXIUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË